Galway trail 03 IRISH Small Wood_Layout 1  15/07/2019  14:50  Page 1



# Galway Green Leaf Biodiversity Trail

Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Galway City Council

Winner 2017 - Galway
EUROPEAN GREEN LEAF
An initiative of the European Commission

BirdWatchIreland
*protecting birds and biodiversity*

## Tearmann na Coille Bige  (Bealach BUÍ)

**Cur síos:** Siúlóid foraoise trí choillearnach leathanduilleach, mheasctha is ea é seo a chuimsíonn Cairde Éanlaith Éireann agus Tearmann na Coille Bige le láthair shaintógtha amhairc a thugann radharc ar Chuan an Roisín agus Cuisle Bhearna a ritheann isteach go Cuan an Roisín chuig bearna bheag cósta atá timpeallaithe ag coillearnach.

Téann an bealach seo ón gcarrchlós ag Scoil Ghaothshurfála Chuan an Roisín go dtí Tearmann na Coille Bige, agus chuig an gcró faire éan a thugann radhairc den scoth



Cathal Forkan

**Fad an bhealaigh**
1 – 1.5km

**Deacracht an bhealaigh**
Éasca

**Eolas faoin mbealach**
Níl an bealach seo pábháilte, tá talamh míchothrom ann agus cosáin ar féidir leo a bheith lábach tar éis aimsir fhliuch a bheith ann.

Family friendly
Please do not disturb wildlife
Don't pick flowers
Please keep dogs on lead




Rochtain: Áit bheag le haghaidh páirceála ag Scoil Ghaothshurfála Chuan an Roisín (53.25845, -9.11959).
Páirceáil saor in aisce, spásanna teoranta, 24 uair an chloig.

Bus is gaire (bus 412 nó 414)
Féach **ANSEO**.
Níl aon áiseanna do rothair ann.

Téacs agus ábhar le John Lusby. Grianghraif uile: Michael O'Clery, mura sonraitear a mhalairt.


Crotach

thar Chuan an Roisín, go béal na habhann agus ar ais arís ar chosán coillearnaí go dtí an scoil ghaothshurfála. Is féidir réimse éan, fungas agus feithidí a fheiceáil sa choillearnach, ar na conairí, sna páirceanna mórthimpeall agus sna fálta sceach.

Tarraingíonn an lochán ag Tearmann na Coille Bige snáthaidí móra agus béchuileanna chuige sa samhradh. Is féidir ealtaí móra éan uisce géim agus lapairí a fheiceáil sa chuan ón gcró faire éan, go háirithe san fhómhar agus sa gheimhreadh, ina measc crotaigh, cosdeargáin, laidhríní glasa, guilbnigh stríocearracha, breacóga, praslachain agus lachain rua agus is féidir éin cosúil leis an gcruidín agus an éigrit bheag a fheiceáil ag ithe san áit a ritheann an chuisle isteach go béal Chuan an Roisín.


Éigrit bheag


Praslachain

**Tús agus Críoch** Tosaigh agus críochnaigh ag Scoil Ghaothshurfála Chuan an Roisín

**Le tabhairt leat** Buataisí/buataisí rubair, éadaí teo, éadaí báistí

**Le faire amach dó** Téann na bealaí coillearnaí trí choillearnach leathanduilleach mheasctha atá timpeallaithe ag páirceanna ina bhfuil speicis dhúchasacha fálta sceach ag fás, a chuireann gnáthóg ar fáil do réimse éan feirme agus coillearnaí, ina measc an snag, an meantán earrfhada, an lon dubh, an spideog, an dreoilín, an smólach ceoil agus an scréachóg.


Spideog

Mar thoradh ar éagsúlacht na ngnáthóg, is iontach é ceiliúr na camhaoire i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine. Bhronn clann O'Malley Tearmann na Coille Bige, ar paiste coillearnaí é, ar Chairde Éanlaith Éireann in 2002, agus tá plaic chomórtha ann mar aon le cró faire a chuimsíonn balla cloiche agus a thugann radharc ar Chuan an Roisín.

Ón gcró faire is féidir réimse leathan éan uisce a fheiceáil, san fhómhar agus sa gheimhreadh ach go háirithe, ina measc an cosdeargán agus an laidhrín glas ag lapadaíl sna huiscí éadoimhne agus an corra réisc ag iascach. Chruthaigh Oibrithe Deonacha Caomhnaithe na Gaillimhe lochán beag ag an mbealach isteach chuig an gcoill, atá tar éis froganna, snáthaidí móra agus béchuileanna a tharraingt lena n-áirítear an bhrídeog agus aisteach go leor, tá daonra mór garmachán ann freisin. Is féidir an féileacán, an stiallach donn, a fheiceáil anseo freisin sa samhradh.


Bradán

Photo: Hans-Petter Fjeld, Wiki Commons

Ritheann Cuisle Bhearna ó Choill Bhearna faoin bpríomhbhóthar agus ritheann sí isteach chuig Cuan an Roisín ag bearna bheag cósta. Tacaíonn an chuisle sin le héisc imirceacha cosúil leis an mbradán, an breac geal agus an breac donn. Ag an mbearna cósta seo ina bhfolmhaíonn an chuisle isteach sa chuan, is féidir cruidíní a fheiceáil ag ithe san fhómhar agus sa gheimhreadh agus é ina lán mara, iad ina suí go foighneach ar bharr claíocha, rud a fhágann go mbíonn radharc oiriúnach acu ar éisc bheaga san uisce fúthu, agus ar an éigrit bheag ag ithe sna huiscí éadoimhne.